# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2024**

# CUNTASÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

Dé Céadaoin, 19 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:**

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc) |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (uimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist **(A nó B)** agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 (A nó B) amháin** a fhreagairt NÓ **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo a fhreagairt. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc) |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheist díobh a fhreagairt. |

| **Roinn 3 Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc) |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagairleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**ROINN 1 (120 Marc)**
Freagair **Ceist 1 (A)** NÓ **1 (B)** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

**1. (A) Cuntais Deiridh Trádálaí Aonair**

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Sheáin Uí Dhálaigh, trádálaí aonair, mar a bhí ar an 31/12/2023:

| | € | € |
|---|---|---|
| Veaineanna seachadta ar chostas | 52,000 | |
| Dímheas carntha – veaineanna seachadta | | 15,000 |
| Paitinní | 50,000 | |
| Trealamh oifige (costas €40,000) | 15,000 | |
| Foirgnimh | 400,000 | |
| Féichiúnaithe | 54,200 | |
| Caipiteal 01/01/2023 | | 235,000 |
| Creidiúnaithe | | 31,300 |
| Tarraingtí | 12,400 | |
| Díolacháin | | 486,500 |
| Ceannacháin | 195,400 | |
| Aischuir amach (aischuir ceannachán) | | 6,900 |
| Aischuir isteach (aischuir díolachán) | 15,200 | |
| Stoc 01/01/2023 | 29,000 | |
| Pá agus tuarastal | 113,600 | |
| Lascaine | | 1,400 |
| Speansais ghinearálta | 10,500 | |
| Stáiseanóireacht | 2,400 | |
| Fógraíocht | 5,400 | |
| Árachas | 9,600 | |
| Iasacht théarmach (a fuarthas 01/03/2023) | | 80,000 |
| Ús iasachta íoctha | 1,300 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 1,900 |
| Banc | | 12,400 |
| ÁSPC / MSU | | 16,300 |
| CBL | | 3,800 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2023 | | 75,500 |
| | 966,000 | 966,000 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

(i) Stoc le hathdhíol ar an 31/12/2023, €28,000.

(ii) Stoc stáiseanóireachta ar an 31/12/2023, €1,100.

(iii) Baineann an fhógraíocht leis an mbliain dar críoch 31/07/2024.

(iv) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús atá dlite ar an iasacht.
Is é an ráta úis 6% in aghaidh na bliana.

(v) San áireamh san árachas tá seic €1,500 d'árachas charr príobháideach Sheáin Uí Dhálaigh.

(vi) Soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú go 5% de na féichiúnaithe.

(vii) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 2% dá gcostas |
| Veaineanna seachadta | 10% dá luach glan de réir na leabhar |
| Trealamh Oifige | 5% dá chostas |

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2023 (80)

**(b)** **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar an 31/12/2023. (40)

**(120 marc)**

**(B) Cuntais Deiridh Cuideachta Déantúsaíochta**

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Uí Chadhla Teo. mar a bhí ar an 31/12/2023.

| | € | € |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal<br>Údaraithe - 950,000 gnáthscair de €1 an ceann<br>Eisithe - 750,000 gnáthscair de €1 an ceann | | 750,000 |
| Veaineanna seachadta (costas €85,000) | 65,000 | |
| Foirgnimh mhonarchan | 820,000 | |
| Gléasra & innealra (costas €450,000) | 380,000 | |
| Paitinn | 65,000 | |
| Stoc 01/01/2023 | | |
| Amhábhair | 55,000 | |
| Obair idir lámha | 26,500 | |
| Earraí críochnaithe | 48,000 | |
| Ceannach amhábhar | 243,000 | |
| Aischuir isteach (aischuir díolachán) | 18,600 | |
| Solas agus teas mhonarchan | 15,450 | |
| Díolachán dramhábhar | | 7,200 |
| Díolacháin | | 896,500 |
| Stáiseanóireacht | 5,600 | |
| Pá monarchan | 104,900 | |
| Speansais dhíreacha | 15,500 | |
| Fógraíocht | 6,000 | |
| Bintiúir 8% (eisithe an 01/07/2023) | | 150,000 |
| Creidiúnaithe | | 67,300 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 2,650 |
| Árachas monarchan | 19,500 | |
| CBL | | 17,600 |
| Féichiúnaithe | 87,560 | |
| Banc | | 20,560 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2023 | | 63,800 |
| | 1,975,610 | 1,975,610 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

(i) Stoc ar an 31/12/2023:

| | | |
|---|---|---|
| | Amhábhair | €35,000 |
| | Obair idir lámha | €16,300 |
| | Earraí críochnaithe | €51,000 |

(ii) Stoc stáiseanóireachta ar an 31/12/2023, €445.

(iii) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús bintiúir dlite.

(iv) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh mhonarchan | 2% dá gcostas |
| Veaineanna seachadta | 10% dá luach de réir na leabhar |
| Gléasra & Innealra | 20% dá gcostas |

(v) Baineann an fhógraíocht leis an mbliain dar críoch 31/03/2024.

(vi) Tá pá monarchan le roinnt: 80% ar phá díreach agus 20% ar phá maoirseora.

(vii) Soláthar le déanamh do cháin chorparáide, €17,500.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas déantúsaíochta** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2023. (40)

**(b)** **Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2023. (40)

**(c)** **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar an 31/12/2023. (40)

**(120 marc)**

## 2. Cuntais Feirme

Seo a leanas sócmhainní agus dliteanais mhuintir Uí Choileáin a bhfuil gnó feirmeoireachta measctha ar siúl acu ar an 01/01/2023:

Talamh €850,000; foirgnimh feirme €360,000; innealra ar a chostas €146,000; airgead sa bhanc €8,450; luach eallaigh/bó €116,000; luach caorach €27,000; leictreachas dlite €750; pá dlite €900.

**Iarrtar ort:**

**(a)** **Caipiteal** mhuintir Uí Choileáin ar an 01/01/2023 a ríomh. (20)

Seo thíos achoimre ar fháltais agus ar íocaíochtaí na feirme don bhliain dar críoch 31/12/2023.

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---:|---|---:|
| Díolachán olla | 1,500 | Ceannach caorach | 4,700 |
| Díolachán caorach/uan | 46,600 | Ceannach eallaigh | 54,400 |
| Bainne | 72,000 | Leasachán | 17,400 |
| Aoníocaíocht feirme | 17,200 | Leictreachas | 9,500 |
| Díolachán eallaigh | 69,200 | Deisiúcháin | 15,300 |
| | | Pá | 29,900 |

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

(i) Stoc ar deireadh 31/12/2023:
Luach an eallaigh/na mbó €132,000
Luach na gcaorach €30,000

(ii) Tá an aoníocaíocht feirme le roinnt (leithroinnt) idir an dá fhiontar sa chóimheas:

Eallach/bainne 75%
Caoirigh 25%

(iii) Tá leasachán, leictreachas, deisiúcháin agus pá le roinnt (leithroinnt) **go cothrom** idir an dá fhiontar.

(iv) Uaineoil a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana €360
Bainne a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana €1,680.

(v) Leictreachas dlite ar an 31/12/2023 €430.

**Iarrtar ort:**

**(b)** (i) **Cuntas anailíse fiontair** a ullmhú i leith '**eallach/bainne'** don bhliain dar críoch 31/12/2023. (20)

(ii) **Cuntas anailíse fiontair** a ullmhú i leith **'caorach'** don bhliain dar críoch 31/12/2023. (20)

**(60 marc)**

**3. Ráiteas Imréitigh Bainc**

Leagtar amach thíos cuntas bainc agus ráiteas bainc do Susan Ní Raghallaigh do mhí Eanáir 2024.

Dr **Cuntas Bainc** Sr

| | | € | | | | € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Eanáir 1 | Iarmhéid t/a | 5,350 | Eanáir 4 | S. Ní Dhuinn | 300101 | 1,500 |
| Eanáir 10 | Díolacháin lóisteáilte | 8,600 | Eanáir 9 | Cíos | 300102 | 3,160 |
| Eanáir 19 | Lóisteáil | 5,400 | Eanáir 11 | R. Mac Thréinfhir | 300103 | 960 |
| Eanáir 25 | Díolacháin lóisteáilte | 3,600 | Eanáir 16 | C. Uí Chonghaile | 300104 | 2,270 |
| | | | Eanáir 22 | P. Uí Dhúill | 300105 | 3,420 |
| | | | Eanáir 24 | Árachas | 300106 | 6,800 |
| | | | Eanáir 27 | T. Mac Liam | 300107 | 290 |
| | | | Eanáir 31 | Iarmhéid t/s | | 4,550 |
| | | **22,950** | | | | **22,950** |
| Feabhra 1 | Iarmhéid t/a | 4,550 | | | | |

| Ráiteas Bainc ar 31/01/2024 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Dochar** | **Sochar** | **Iarmhéid** |
| | | **€** | **€** | **€** |
| Eanáir 1 | Iarmhéid t/a | | | 5,350 |
| Eanáir 2 | Ús faighte | | 305 | 5,655 |
| Eanáir 7 | S. Ní Dhuinn 300101 | 1,500 | | 4,155 |
| Eanáir 11 | Lóisteáil | | 8,600 | 12,755 |
| Eanáir 11 | Cíos 300102 | 3,160 | | 9,595 |
| Eanáir 12 | R. Mac Thréinfhir 300103 | 960 | | 8,635 |
| Eanáir 17 | D. Ó Cléirigh (seic obtha) | 920 | | 7,715 |
| Eanáir 20 | Lóisteáil | | 5,400 | 13,115 |
| Eanáir 24 | P. Uí Dhúill 300105 | 3,420 | | 9,695 |
| Eanáir 25 | Árachas 300106 | 6,800 | | 2,895 |
| Eanáir 26 | Táillí bainc | 95 | | 2,800 |
| Eanáir 26 | Buanordú | 80 | | 2,720 |
| Eanáir 29 | Leictreachas | 420 | | 2,300 |

**Nóta**: An €420 a iontráladh sa Ráiteas Bainc ar an 29 Eanáir, cuireadh trí earráid é i gcuntas Susan Uí Raghallaigh in ionad é a chur i gcuntas Shiobhán Uí Raghallaigh.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas bainc coigeartaithe** Susan Uí Raghallaigh a thaispeáint agus an t-iarmhéid coigeartaithe a thabhairt anuas. (35)

**(b)** Ráiteas ar an 31/01/2024 a ullmhú a **réitíonn** iarmhéid an **chuntais bainc** choigeartaithe le hiarmhéid an ráitis bainc. (25)

**(60 marc)**

## 4. Brabús agus Caillteanas Cuideachta

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Uí Anluain Teo.:

- Tá caipiteal údaraithe de 1,200,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 750,000 scair thosaíochta 6% ar €1 an ceann ag Ó hAnluain Teo.

- Tá 800,000 gnáthscair agus 500,000 scair thosaíochta 6% eisithe ag an gcuideachta cheana féin.

- Ar an 01/01/2023 bhí iarmhéid €82,000 i gcuntas cúlchiste ginearálta na cuideachta.

- Bhí brabús €214,000 tugtha ar aghaidh ag Ó hAnluain Teo. ó 2022 agus léirigh na cuntais brabúis de €202,000 roimh ús agus cáin don bhliain dar críoch 31/12/2023.

- Le linn na bliana íocadh díbhinn iomlán de 4c an ghnáthscair leis na sealbhóirí gnáthscaireanna agus íocadh an díbhinn iomlán tosaíochta don bhliain le sealbhóirí na scaireanna tosaíochta.

  Ar an 31/12/2023 mhol na stiúrthóirí go ndéanfaí:

  (i) Soláthar do €28,000 úis.

  (ii) Soláthar do €59,000 cánach.

  (iii) An cúlchiste ginearálta a mhéadú de €35,000.

**Iarrtar ort:**

**(a)** **Cuntas brabúis agus caillteanais** a thaispeáint don bhliain dar críoch 31/12/2023. (35)

**(b)** **Clár comhardaithe** a ullmhú a thaispeánfaidh na cuntais ábhartha tar éis na soláthairtí agus na leithghabhálacha thuas a dhéanamh. (25)

**(60 marc)**

Tosaíonn Roinn 2 ar
leathanach 10

**ROINN 2 (200 Marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú ar chuntais**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Uí Néill Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2023:

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2023**

| | | € | € |
|---|---|---|---|
| Díolacháin chreidmheasa | | | 750,000 |
| **Lúide:** Costas díolachán | | | |
| Stoc 01/01/2023 | | 57,000 | |
| Móide: ceannacháin chreidmheasa (carraeireacht isteach €4,000 san áireamh) | | 473,000 | |
| | | 530,000 | |
| Lúide: stoc 31/12/2023 | | (60,000) | |
| Costas díolachán | | | 470,000 |
| Ollbhrabús | | | ?????? |
| **Lúide**: Speansais iomlána (ús san áireamh) | | | 165,000 |
| Glanbhrabús don bhliain | | | 115,000 |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 31/12/2023**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| | **Costas** | **Dímheas** | **Glanluach Leabhar** |
| **Sócmhainní Seasta** | 895,000 | 80,000 | 815,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** (féichiúnaithe trádála €43,000 san áireamh) | | 108,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | |
| Creidiúnaithe trádála | | 58,000 | |
| | | | 50,000 |
| | | | 865,000 |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis breis agus 1 bhliain | | | |
| Bintiúir 8% (2028/2029) | | | 100,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | **Údaraithe** | **Eisithe** | |
| Gnáthscaireanna de €1 an ceann | 950,000 | 650,000 | 650,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | | 115,000 |
| | | | 865,000 |

**(a)** **Iarrtar ort a ríomh**: (go 2 ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).

(i) Corrlach an bhrabúis chomhláin

(ii) An cóimheas fíorthástála

(iii) An tréimhse chreidmheasa a tugadh d'fhéichiúnaithe trádála

(iv) An ráta láimhdeachais stoic. (40)

**(b)** **Mínigh** na téarmaí thíos agus **luaigh an bhaint atá acu leis na cuntais thuas** de réir mar is cuí:

(i) Bintiúir 8% (28/29)

(ii) Sócmhainní seasta inláimhsithe

(iii) Carraeireacht isteach

(iv) Gnáthdhíbhinn. (40)

**(c)** An mbeadh deacracht ag Ó Néill Teo. na billí a íoc nuair a bheidh siad dlite? **Mínigh do fhreagra.** (10)

**(d)** Ba é an toradh ar chaipiteal in úsáid do Ó Néill Teo. in **2022** ná 9.5%.

(i) Ríomh an toradh ar chaipiteal in úsáid do Ó Néill Teo. do 2023.

(ii) Déan trácht ar bhrabúsacht Uí Néill Teo. in 2023. (10)

**(100 marc)**

**6. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Dháibhí Teo.:

| **Brabús agus Caillteanais (sliocht) don bhliain dar críoch 31/12/2023** | **€** |
|---|---|
| Brabús oibriúcháin | 122,000 |
| Ús íoctha | (9,000) |
| | 113,000 |
| Cáin | (28,000) |
| | 85,000 |
| Díbhinní íoctha | (32,000) |
| Brabús coinnithe | 53,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2023 | 31,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2023 | 84,000 |

| **Cláir chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2023** | | **31/12/2022** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 800,000 | | 650,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | (120,000) | 680,000 | (85,000) | 565,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 79,000 | | 67,000 | |
| Féichiúnaithe | 44,000 | | 50,000 | |
| Banc | 26,000 | | 17,000 | |
| | 149,000 | | 134,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | | |
| Creidiúnaithe | 57,000 | | 42,000 | |
| Cáin | 28,000 | | 46,000 | |
| | (85,000) | | (88,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 64,000 | | 46,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 744,000 | | 611,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain | | | | |
| Bintiúir 6% | | 150,000 | | 180,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 500,000 | | 400,000 |
| Scairbhiseach | | 10,000 | | |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | 84,000 | | 31,000 |
| | | 744,000 | | 611,000 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** An brabús oibriúchán a **réiteach** leis an nglansreabhadh airgid isteach/amach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** An **ráiteas faoi shreabhadh airgid** a réiteach do Dháibhí Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2023 faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí oibriúcháin
2. Toradh ar infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinní cothromais íoctha
6. Maoiniú. (65)

**(c)** An glansreabhadh airgid a **réiteach** leis an athrú ar ghlanfhiachas. (5)

**(100 marc)**

**7. Taifid Neamhiomlána – Cuntais Rialúcháin**

Níor choinnigh Anna Nic Uait sraith iomlán leabhar le linn na bliana dar críoch 31/12/2023.

Is achoimre é seo a leanas ar an gcuntas airgid don tréimhse sin.

| **Fáltais Airgid** | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Iarmhéid 01/01/2023 | 31,800 | |
| Féichiúnaithe | 185,000 | |
| Díolacháin | 340,000 | |
| Coimisiún | 22,600 | 579,400 |
| | | |

| **Íocaíochtaí Airgid** | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Ceannacháin | 168,000 | |
| Creidiúnaithe | 144,000 | |
| Tarraingtí | 7,600 | |
| Pá agus Speansais Ghinearálta | 95,000 | |
| Veain mótair | 33,000 | 447,600 |
| | | |

**Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil freisin:**

| | **01/01/2023** | **31/12/2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Áitreabh | 760,000 | 760,000 |
| Trealamh | 42,000 | 42,000 |
| Féichiúnaithe | 15,900 | 19,100 |
| Stoc | 38,400 | 33,700 |
| Creidiúnaithe | 14,500 | 17,100 |
| Speansais réamhíoctha | 2,200 | 2,900 |

**Nóta:** Déan dímheas 10% den chostas sa bhliain ar threalamh.

**Iarrtar ort**:

(a) **Caipiteal** Anna Nic Uait ar an 01/01/2023 a ríomh. (10)

(b) Úsáid a bhaint as **cuntais rialúcháin** chun **díolacháin iomlána** agus **ceannacháin iomlána** Anna Nic Uait a ríomh. (20)

(c) **Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2023. (30)

(d) **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar an 31/12/2023. (40)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

**8. Costáil Imeallach**

Déanann Mac Seoin Teo. táirge amháin. Seo a leanas an buiséad bliantúil atá molta don bhliain seo chugainn.

| | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Díolacháin (40,000 aonad) | | 600,000 |
| Costais athraitheacha | 320,000 | |
| Costais sheasta | 143,185 | (463,185) |
| Glanbhrabús | | 136,815 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** An praghas díola **in aghaidh an aonaid** a ríomh.

**(b)** An costas athraitheach **in aghaidh an aonaid** a dhíoltar a ríomh.

**(c)** An **cion tairbhe** in aghaidh an aonaid dhíoltar a ríomh.

**(d)** An **pointe cóimheá** i méid (aonaid) **agus** i luach na ndíolachán (€) a ríomh.

**(e)** An **lamháil sábháilteachta** i méid (aonaid) **agus** i luach na ndíolachán (€) a ríomh, más é **35,000** aonad líon na ndíolachán buiséadaithe don tréimhse.

**(f)** **Ráiteas Costála Imeallaí** a ullmhú a bhfuil siad seo a leanas san áireamh ann:

- Méadú €1.50 ar an bpraghas díolacháin
- Laghdú 10% ar mhéid na ndíolachán
- Fanann gach costas eile mar atá

**(g)** Mínigh an téarma 'Costas Seasta' mar a bhaineann le Mac Seoin Teo.
Tabhair sampla **amháin** de 'chostas seasta' a d'fhéadfadh Mac Seoin Teo. a thabhú.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Airgid**

Thug Fiona Ní Dhúill an t-eolas seo a leanas ag deireadh mhí an Mhárta 2024:

| | |
|---|---|
| Féichiúnaithe 01/04/2024 (díolacháin mhí Feabhra €63,000 agus díolacháin mhí an Mhárta €76,000) | €139,000 |
| Creidiúnaithe 01/04/2024 | €43,000 |
| Iarmhéid bainc 01/04/2024 | €27,600 |

Mar seo a bheidh na díolacháin, ceannacháin agus speansais go ceann cúig mhí, dar le Fiona:

| | **Aibreán** | **Bealtaine** | **Meitheamh** | **Iúil** | **Lúnasa** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | €53,400 | €83,600 | €87,200 | €72,200 | €69,800 |
| **Ceannacháin** | €35,200 | €51,200 | €40,600 | €38,700 | €37,400 |
| **Speansais** | €8,700 | €9,200 | €7,600 | €9,800 | €8,500 |

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

- Ar cairde atá na díolacháin go léir agus íoctar astu dhá mhí tar éis mhí an díolacháin.
- Ar cairde atá na ceannacháin go léir, **seachas** €14,000 ar airgead tirim i mí na Bealtaine, agus íoctar astu mí amháin tar éis mhí an cheannacháin.
- Íoctar speansais de réir mar a thabhaítear iad.
- Ceannófar veain mótair i mí an Mheithimh ar €18,000 in airgead tirim.
- Beidh €16,400 le híoc in aghaidh na míosa ar phá agus ardófar é sin go €17,200 ar an 1 Meitheamh. (Níl pá san áireamh sna speansais thuas).

**Iarrtar ort:**

**(a)** **Buiséad airgid** a ullmhú do gach mí sa tréimhse Aibreán go Lúnasa, an dá mhí sin san áireamh, chomh maith le **colún na n-iomlán** don tréimhse.

**(b)** Breac-chuntas a thabhairt ar **dhá** bhuntáiste do Ní Dhúill as buiséad airgid a ullmhú.

**(80 marc)**

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ardteistiméireacht– Gnáthleibhéal

# Cuntasaíocht

Dé Céadaoin, 19 MEITHEAMH
TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00